

5 Seachadadh tithíochta mearthógála

- 5.1** I mí Aibreáin 2022, tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin agus na géarchéime daonnúla a lean, d'aontaigh an Rialtas raon beart chun soláthar cóiríochta do dhídeanaithe a thagann ón Úcráin a threisiú i.e. tairbhíthe cosanta sealadaí (BOTPanna). Áiríodh leis na bearta sin rogha maidir le mearthógáil, aonad modúlach toirtmhéadrach a bheidh faoi stiúir Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) ar bhonn píolótach.¹ Tagraíonn mearthógáil don mhodh tógála i.e. monaraithe lasmuigh den láthair, seachas gnáth-thógáil ar an láthair.
- 5.2** D'fhorbair Oifig na nOibreacha Poiblí tograí le haghaidh clár píolótach 'cruthúnas ar choincheap' a d'fhaomh an Rialtas i mí an Mheithimh 2022. Bhí forbairt 500 aonad modúlach thar 20 láithreán féideartha — chun spás a chur ar fáil do suas le 2,000 duine — le bheith críochnaithe faoi dheireadh Feabhra 2023 ar chostas caipitil réamh-mheasta de €100 milliún i.e. €200,000 in aghaidh an aonaid.
- 5.3** Is í an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) an t-údarás ceadaithe don chlár tithíochta mearthógála, agus glactaíodh sí úinéireacht ar na haonaid mhodúlacha nuair a bheidh siad críochnaithe. Beidh an Roinn freagrach freisin as a n-úsáid sa todhchaí. Tá OOP, mar an ghníomhaireacht urraíochta, freagrach as an gclár a chur i bhfeidhm ar bhonn gníomhaireachta thar ceann DCEDIY.
- 5.4** D'aicmigh an Rialtas feidhmiú céimneach an chlár mar 'ábhar fíorphráinne' chun críocha soláthair, mar gheall ar an ngá leis na haonaid mhodúlacha a sheachadadh laistigh de thréimhse ama dhocht. Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí príomhchonraitheoir an tionscadail ag baint úsáide as an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra a thabhairt roimh ré.^{2,3}
- 5.5** Bhí freagracht ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH) as láithreáin faoi úinéireacht phoiblí a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun na haonaid mhodúlacha mearthógála a lonnú, agus sholáthair an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht díolúintí pleanála chun seachadadh tapa an chlár a éascú.⁴
- 5.6** D'fhorbair Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhar le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta fréamhshamhail de dhearadh agus de shonraíocht i gcomhlíonadh na rialachán foirgníochta. Tá an dearadh bunaithe go heisiach ar struchtúir thoirtmhéadracha fráma dochta a úsáideann modhanna tógála nua-aimseartha (MMC) le bailchríoch mhonarcha iomlán, rátáil ardéifeachtúlachta fuinnimh agus saolré úsáideach measta 60 bliain.⁵
- 5.7** I mí Iúil 2023, cheadaigh an Rialtas leathnú ar an gclár chun freastal ar suas le 2,800 duine faoi dheireadh mhí an Mhárta 2024. Bheadh 700 aonad ag teastáil don dearadh bunaidh, d'aonaid aon stóir chun freastal ar cheathrar in aghaidh an aonaid. Forbraíodh plean do líon beag aonad dhá stór chun freastal ar sheisear in aghaidh an aonaid, agus coigeartaíodh líon na n-aonaid aonair a theastaigh go 694.
- 5.8** I mí Feabhra 2024, d'aontaigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an seachadadh pleanáilte a laghdú go 632 aonad. Is é an seachadadh pleanáilte amhail Meitheamh 2024 ná 654 aonad chun freastal ar suas le 2,640 duine faoi Aibreán 2025. Tá achoimre ar na príomh-dhátáil agus imeachtaí cinnteoireachta suas go Lúnasa 2024 san áireamh in Iarscríbhinn 5A.

1 Bhí an rogha faoi réir maoiniú a bheith ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

2 I.R. Uimh. 284/2016 — [Rialachán an Aontais Eorpaigh \(Conarthaí Údarais Phoiblí a Dhámhachtain\) 2016](#) Ceadatáir le Rialachán 32(2)(c) an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan é a fhoilsiú roimh ré i gcásanna fíorphráinne.

3 Rinneadh measúnú ar aighneachtaí tairisceana ó shé chonraitheoir tógála mar chuid den phróiseas soláthair.

4 I.R. Uimh. 306/2022 — [Rialachán an Aontais Eorpaigh \(Pleanáil agus Forbairt\) \(Daoine Easáitithe ón Úcráin Cosaint Shealadach\)](#).

5 Fuarthas na haonaid ó chúig mhonaróir, tar éis don phríomhchonraitheoir comórtas tairisceana a reáchtáil.

Fócas an scrúdaithe

5.9 Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar

- conas a d'fheidhmigh an clár tithíochta mearthógála ó thaobh na spriocanna de
- cibé ar tugadh cosaint leordhóthanach do leas an Stáit faoin bpríomhchonradh cláir, agus
- cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh measúnú ar rath/féidearthacht an tsásra seachadta phíolótaigh le húsáid sa todhchaí.

5.10 Chuir an fhoireann scrúdaithe agallamh ar fhoireann DCEDIY agus Oifig na nOibreacha Poiblí, rinne siad athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha agus thug siad cuairt ar cheann de na láithreáin fhorbartha a bhí beagnach críochnaithe.

Seachadadh clár pleanáilte

Plean tosaigh - 500 aonad

5.11 Measadh go raibh seachadadh na 500 aonad faoi dheireadh mhí Feabhra 2023 — laistigh de thréimhse ocht mí — uailmhianach mar thréimhse ama, ach go raibh sé indéanta. I mí na Samhna 2022, sholáthair an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (an Roinn Caiteachais Phoiblí) ceadú d'infheistíocht chaipitil de €100 milliún chun na haonaid mhodúlacha a sheachadadh agus leithdháileadh bliantúil neamhchaipitil de €1.25 milliún le haghaidh bainistiú agus cothabháil saoráidí ó 2023 ar aghaidh.

5.12 Bhí an ceadú faoi réir roinnt coinníollacha, lena n-áirítear, *inter alia*, comhlíonadh iomlán leis an *gCód Caiteachais Phoiblí*.¹ Chinn an fhoireann scrúdaithe, áfach, nár ullmhaigh DCEDIY tuarascáil measúnaithe straitéisigh ná tuarascálacha cás gnó (réamhthuarascálacha ná tuarascálacha deiridh), mar a cheanglaítear leis an *gCód* le haghaidh tionscadal a chosnaíonn níos mó ná €100 milliún. Ní dhearnadh measúnuithe seachtracha neamhspleácha ach an oiread ag na príomhphointí cinnteoireachta forordaithe.²

5.13 Dúirt DCEDIY, cé gur cloíodh go substaintiúil leis an *gCód Caiteachais Phoiblí* agus ceanglais eile, amhail soláthar, le linn an chláir, d'éiligh tréimhse ama seachadta an chláir go gcaithfí gabháil thar ghnéithe áirithe nó aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach eile nó ar bhealach luathaithe.

5.14 Mar fhreagra ar an litir cheadaithe, chuir DCEDIY in iúl don Roinn Caiteachais Phoiblí (i mí na Samhna 2022 freisin) go raibh athbhreithniú déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar na costais a bhain le seachadadh an chláir agus go raibh costas iomlán de €140 milliún measta anois leis an bhfeidhmiú céimneach. Cuireadh an méadú €40 milliún go príomha i leith costais nár áiríodh sa bhuiséad bunaidh e.g. costais an phríomhchonraitheora, CBL, costais dhíreacha Oifig na nOibreacha Poiblí agus ranníocaíochtaí fónais.

1 Cuireadh na [Treoirínte Bonneagair](#) le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 in ionad an [Chóid Caiteachais Phoiblí](#).

2 Tá gá le measúnuithe seachtracha tar éis (i) an réamhchás gnó agus (ii) an choimre thionscadail mionsonraithe agus na céimeanna straitéise soláthair de shaolré tionscadail a chríochnú.

- 5.15** D'aithin athbhreithniú eile ar chostais a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí i mí Eanáir 2023 gur mhéadaigh an costas seachadta measta go díreach os cionn €155 milliún — méadú 55% ar an meastachán bunaidh. B'ionann é sin agus meánchostas de €310,000 in aghaidh an aonaid. Cuireadh an chuid is mó den mhéadú idir Samhain 2022 agus Eanáir 2023 i leith na gcostas réamh-mheasta d'oibreacha forbartha láithreáin ar tháinig méadú thart ar €18,000 ar an meán in aghaidh an aonaid orthu i rith na tréimhse sin. Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí gurbh é ba chúis leis seo go príomha ná gur tharla go raibh cuid de na láithreáin a moladh níos lú ná mar a samhláíodh i dtosach, le hacmhainn níos lú ná 30 aonad a thógáil, agus le coinníollacha suntasacha neamhghnácha láithreáin gan choinne.¹

Plean athbhreithnithe - 700 aonad

- 5.16** I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhaomh an Rialtas, i dtéarmaí ginearálta, leathnú ar an gclár — faoi réir comhráite leis an Roinn Caiteachais Phoiblí — chun an costas breise do bhainistiú caipitil agus saoráidí a mheas. Ar an mbonn sin agus le faomhadh DCEDIY, thug Oifig na nOibreacha Poiblí treoir don phríomhchonraitheoir i mí na Nollag 2022 chun líon na n-aonad a bhí le seachadadh a mhéadú de 200. Chiallaigh uainiú an chinnidh go bhféadfaí na haonaid bhreise a cheannach ar an bpraghas comhaontaithe bunaidh.

- 5.17** I mí Eanáir 2023, mheas Oifig na nOibreacha Poiblí gurbh é an costas a bhain leis na 700 aonad a sheachadadh ná €237 milliún. Is ionann é seo agus meánchostas aonaid measta bunaidh de €339,000 - 70% níos airde ná an meánchostas aonaid measta bunaidh de €200,000.² Níor iarradh ná ní bhfuarthas faomhadh foirmiúil don aschur athbhreithnithe agus don chostas breise ón Rialtas go dtí mí Iúil 2023, seacht mí tar éis d'Oifig na nOibreacha Poiblí treoir a thabhairt don phríomhchonraitheoir na haonaid bhreise a fháil. Níor cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí an caiteachas méadaithe go dtí Meán Fómhair 2023.

- 5.18** Tá sé ráite ag DCEDIY nach bhféadfaí faomhadh foirmiúil a lorg go dtí go mbeadh an Roinn Caiteachais Phoiblí sásta leis an meabhrán don Rialtas. Bhí na páirtithe leasmhara ábhartha ar an eolas i gcónaí, áfach, faoi na himthosca ba chúis leis an gcaiteachas méadaithe.

- 5.19** Cé nár soláthraíodh tréimhse ama seachadta soiléir don chlár leathnaithe don Rialtas mar chuid den aighneacht fhoirmiúil i mí Iúil 2023, samhláíodh, mar gheall ar easpa infhaighteachta láithreán oiriúnach, nach bhféadfaí breis is leath de na 700 aonad a sheachadadh go dtí R1 2024, tuairim is bliain níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús.³ Tugadh faoi deara freisin i meabhrán Iúil don Rialtas go raibh na costais bhuiséadaithe méadaithe mar gheall go príomha ar na nithe seo a leanas:

- méadú ar mhéid na n-aonad chun cloí le caighdeáin tithíochta agus rialacháin tógála
- foráil le haghaidh mínormáltachtaí féideartha láithreáin/oibreacha cumasaithe láithreáin — bhí na costais bhuiséadaithe bunaidh ar an láthair bunaithe ar na costais a bhí ag teastáil le haghaidh tithíocht shóisialta ar láithreáin úrnua gan aon mhínormáltachtaí⁴
- caolú barainneachtaí scála mar gheall ar mhéid níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis i roinnt de na láithreáin.

1 I measc na samplaí de choinníollacha neamhghnácha láithreáin a luadh tá baint speiceas plandaí ionracha, carraigeacha a bheith ann, maoschláir arda, láithreáin ar fána, oibreacha suntasacha nasctha BSL, atreoruithe séarachais bhréan, fionnachtana seandálaíochta, agus riachtanais slándála mar thoradh ar agóidí agus iompar frithshóisialta.

2 Níor áiríodh sa chostas measta bunaidh soláthar maidir le troscán, feistis agus trealamh a measadh i mí Eanáir 2023 ag thart ar €8,600 in aghaidh an aonaid.

3 Faoi dheireadh Iúil 2023, bhí trí láithreán críochnaithe agus sé láithreán eile ag céimeanna éagsúla tógála.

4 Is téarmaí iad oibreacha cumasaithe láithreáin agus mínormáltachtaí láithreáin a úsáidtear go hidirmhalartaithe sna doiciméid ghaolmhara idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus DCEDIY.

- 5.20** Luaigh DCEDIY go raibh méaduithe praghais a bhaineann go sonrach le tionscadail i measc fachtóirí eile a chuir leis an gcostas méadaithe buiséadaithe; agus bearta eacnamaíocha agus boilscithe níos leithne, amhail deacrachtaí sa slabhra soláthair agus méaduithe ar chostais fuinnimh.

Meastacháin athbhreithnithe breise


- 5.21** Idir Iúil 2023 agus Eanáir 2024, rinneadh athbhreithniú ar chostas measta seachadta an chlár ceithre huaire ar a laghad.¹
- 5.22** Tá sé ráite ag Oifig na nOibreacha Poiblí go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar chostas measta seachadta an chlár, mar fhreagra ar chostais éagsúla anaithnide agus réadú na gcostas breise a bhaineann le forbairt na láithreán agus le dálaí neamhghnácha gaolmhara na láithreán.
- 5.23** Dúirt DCEDIY go raibh an t-athbhreithniú ar mheastacháin costais ag céimeanna éagsúla mar thoradh díreach ar chineál éigeandála an chlár, a d'fhág nár cuireadh láithreáin ar fáil agus nach ndearnadh measúnú orthu ach de réir mar a tháinig an clár chun cinn. Luaigh sé gur fhág sé seo go raibh leibhéal éiginnteachta ann nach mbeadh i gclár eile den chineál sin nó nach mbeadh inchomparáide go díreach leo, amhail forbairtí tithíochta sóisialta a sheachadadh.
- 5.24** I mí Eanáir 2024, bunaithe ar imní faoi chostais mhéadaithe agus easpa infhaighteachta láithreán oiriúnach, chuir Oifig na nOibreacha Poiblí roinnt roghanna i láthair don DCEDIY le breithniú a dhéanamh orthu chun an clár a chur i gcrích, ach nach sheachadfaí leis an aschur iomlán pleanáilte. Tá sé ráite ag Oifig na nOibreacha Poiblí go raibh easpa infhaighteachta ar láithreáin oiriúnacha chun an clár a chur i gcrích ina mhórfhachtóir a chuir leis an seachadadh laghdaithe molta.
- 5.25** I mí Feabhra 2024, chuir Oifig na nOibreacha Poiblí in iúl do DCEDIY, bunaithe ar an gcás is measa, go gcosnódh críochnú an chlár faoi dheireadh 2024 thart ar €300 milliún — meánchostas de €432,000 in aghaidh an aonaid. (féach Fíor 5.1).^{2,3}

1 Suirbhéirí Cainníochta (QS) fostaithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun, *inter alia*, seirbhísí bainistíochta costas a sholáthar don chlár, tuarascálacha costais míosúla a chur faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí ina leagtar amach na costais a gealladh agus a caitheadh go dtí seo agus na costais réamh-mheasta go dtí go gcríochnófar é, a chuireann na costais riosca tráchtála san áireamh a bhaineann leis an gclár.

2 I mí Eanáir 2024, d'iarr an DCEDIY go n-aithneodh Oifig na nOibreacha Poiblí an cás is measa ar an iomlán agus go bhfillfeadh sí leis an gcás sin.

3 Tá an meánchostas in aghaidh an aonaid de €432,000 bunaithe ar 694 aonad chun an cinneadh 12 aonad dhá stór a sholáthar le hacmhainn cóiríochta níos airde ná na haonaid aon stóir a chur san áireamh, agus an 2,800 spás beartaithe a choinneáil ag an am céanna.

Fíor 5.1 Gluaiseacht i gcostas aonaid measta, Meitheamh 2022 go Meitheamh 2024



Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí. An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

- 5.26** D’aontaigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an 16 Feabhra 2024 laghdú 62 (ó 694 go 632) a chur ar líon iomlán na n-aonad a bhí le seachadadh, ar chostas measta athbhreithnithe de €278 milliún — agus meánchostas in aghaidh an aonaid thart ar €440,000, agus méadú 120% ar na bunchostais mheasta ó mhí an Mheithimh 2022.^{1,2} Síneadh an sprioc-amlíne seachadta go dtí deireadh mhí na Nollag 2024 (féach Fíor 5.2).
- 5.27** Ina dhiaidh sin, i mí an Mhárta 2024, méadaíodh an seachadadh pleanáilte go 654 aonad mar gheall ar an láithreán deiridh (i gCluain Meala, Contae Thiobraid Árann) a bheith in ann spás a chur ar fáil do níos mó aonad ná mar a measadh ar dtús. I mí an Mheithimh 2024, rinneadh leasú suas ar mheastachán den chostas iomlán chuig €285 milliún — arbh ionann é agus meánchostas €436,000 in aghaidh an aonaid. Cuireadh moill ar chríochnú an láithreáin i gCluain Meala go dtí mí Aibreáin 2025, de bharr cur isteach ó léirsithe leanúnacha ag an láithreán.

Fíor 5.2 Plean seachadta tithíochta mearthógála, Meitheamh 2022 go Meitheamh 2024

	Plean tosaigh Meitheamh 2022	Plean leasaithe Iúil 2023 ^a	Plean leasaithe Feabhra 2024 ^b	Plean leasaithe Meitheamh 2024
Líon na n-aonad ^c	500	700	632	654
Líon na ndaoine dá dtabharfar cóiríocht	2,000	2,800	2,552	2,640
Costas ionchasach	€100 milliún	€237 milliún	€278 milliún	€285 milliún
Meánchostas in aghaidh an aonaid	€200,000 ^d	€339,000	€440,000	€436,000
Dáta críochnaithe atá beartaithe	Feabhra 2023	Márta 2024	Nollaig 2024	Aibreán 2025

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí. An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Cé go bhfuarthas faomhadh ón Rialtas don phlean leasaithe i mí Iúil 2023, bhí an costas ionchasach seachadta €237 milliún bunaithe ar mheastachán ó mhí Eanáir 2023.
 - b Plean faofa ag an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.
 - c Bhí aonaid aon stóir beartaithe dá seachadadh i mí an Mheithimh 2022 agus i mí Iúil 2023 (agus cóiríocht iontu araon do cheathrar daoine). Sna pleananna ina dhiaidh sin tá 12 aonad dhá stór (le cóiríocht iontu araon do sheisear daoine).
 - d Eisiatar uaidh costais le haghaidh feisteas, daingneán agus trealaimh. Tá timpeall €8,600 in aghaidh an aonaid san áireamh sa mheastachán ó mhí Iúil 2023 le haghaidh feisteas, daingneán agus trealaimh. Tháinig méadú air sin chuig timpeall €11,000 in aghaidh an aonaid sa mheastachán ó mhí an Mheithimh 2024.

1 Is éard atá i gceist leis na 632 aonad 620 aonad aon stóir agus 12 aonad dhá stór.

2 Tá an meánchostas bunaithe ar líon iomlán na n-aonad a sheachadtar agus ní dhéanann sé idirdhealú idir costas iomlán na n-aonad aon stóir agus na n-aonad dhá stór.

Spriocdhátaí seachadta

- 5.28** Ar an iomlán, bhí an phleanáil cláir thíos le luaineacht ard, a raibh an chuid is mó di de bharr na héiginnteachta a bhaineann le hinfhaighteacht láithreán. Táthar tar éis trí leasú ar a laghad a chur i gcrích ar na spriocdhátaí críochnaithe cláir ó cuireadh tús leis an gclár píolótach um chruthúnas ar choincheap.

Spleáchais chriticiúla an chláir

- 5.29** Ón gcéad lá riamh, shainithin Oifig na nOibreacha Poiblí roinnt spleáchas criticiúil a chuaigh i bhfeidhm ar inmharthanacht an chláir. Áiríodh orthu sin:
- fáil a bheith ar láithreáin oiriúnacha le haghaidh na n-aonad modúlach
 - úsáidí fadtéarmacha inmharthana aontaithe le haghaidh na n-aonad modúlach nuair a bheidh an gá le cóiríocht a thabhairt do dhídeanaithe ón Úcráin curtha dinn
 - eisceachtaí ó na gnáthrialúcháin phleanála chun éascú d'ullmhú mear na láithreán agus do chur in úsáid mear na n-aonad modúlach.

Infhaighteacht láithreán oiriúnach

- 5.30** I mí na Bealtaine 2022, luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí nárbh fhéidir an clár tithe modúlacha a chur ar aghaidh ach amháin dá mbeadh dóthain láithreán oiriúnach ar fáil láithreach, agus nach mbeadh na cláir inmharthana gan láithreáin oiriúnacha a bheith ann.¹
- 5.31** Cuireadh tús leis an gclár gan tacar láithreán oiriúnach a bheith sainaitheanta.² Sainithníodh sa mheabhrán don Rialtas i mí an Mheithimh 2022 (tráth faofa an chláir phíolótaigh) 20 suíomh féideartha do láithreáin ar fud 13 chontae; agus tugadh dá aire ann go raibh cigireachtaí láithreáin faoi lánseol chun a chinntiú nach mbeadh aon bhac teicniúil ar a n-úsáid le haghaidh na n-aonad modúlach. Sa deireadh thiar thall, ní raibh ach sé cinn de na láithreáin sin ina gcuid den chlár — trí láithreán arna gcur ar fáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí, agus trí láithreán ag na húdaráis áitiúla. Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí go raibh na láithreáin a bhí sí a chur ar fáil, a bhí ina gcuid de chlár díláraithe na seirbhíse poiblí ar dtús, gar do na seirbhísí áitiúla uile agus ar fáil lena n-úsáid.
- 5.32** Níor sonraíodh i bpríomhchonradh an chláir, a síníodh i mí Dheireadh Fómhair 2022, líon agus suíomh na láithreán óir ní raibh siad deimhnithe ag an bpointe sin. Tugadh faoi deara sa chonradh go bhféadfaí na hoibreacha conraithe a rolladh amach thar níos lú nó níos mó láithreán ná mar a phléigh na páirtithe sa chonradh.
- 5.33** Faoi mhí na Nollag 2022, cé gur tosaíodh ar obair forbartha láithreáin ag cúig láithreán (le timpeall 200 aonad a chur ann), bhí láithreáin fós de dhíth le haghaidh 400/500 aonad.³ Mar chuid de nóta faisnéisithe chuig DCEDIY i mí Eanáir 2023, thug Oifig na nOibreacha Poiblí dá haire gur mheas sí 73 láithreán, agus measadh go raibh 57 (78%) acu sin mí-oiriúnach, go príomha de bharr na nithe seo a leanas: baol ó thuilte; rochtain shrianta ar láithreán; easpa soláthair cumhachta agus uisce in aice láimhe; agus easpa bonneagair draenála.^{4,5} Thug sí faoi deara freisin gur gá go mbeadh caighdeán ard le fáil sna láithreáin leis an gclár a bhrú ar aghaidh. Luaigh DCEDIY nach raibh roinnt mhaith de na láithreáin thar mholadh beirte, agus gur theastaigh go leor obair dheisiúcháin uathu nó go raibh siad róbheag.

1 Leagadh amach an méid sin i bpáipéar a cuireadh faoi bhráid Choiste na Comh-aireachta maidir le Cóiríocht agus Tacaíocht do Dhídeanaithe ón Úcráin, faoi chathaoirleacht an Taoisigh.

2 Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí gur sainithníodh i mí Iúil 2022 trí láithreán de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí a úsáideadh sa chlár.

3 Miontuairiscí ó chruinniú idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus DCEDIY an 13 Nollaig 2022.

4 Bhí sé sin bunaithe ar liosta láithreán arna chur ar fáil ag DHLGH agus ag gníomhaireachtaí eile stáit a d'fhéadfaí a áireamh sa chlár.

5 Infheistíocht Chaipitiúil agus Nuashonrú Costála le haghaidh DCEDIY.

- 5.34** Faoi mhí Feabhra 2023 (an spriocdháta bunaidh dá gcríochnú), bhí easnamh láithreán oiriúnach fós ann chun tuairim is 250 aonad a sholáthar. Níor deimhníodh an láithreán deiridh, ina gcuirfear 82 aonad ar fáil anois, agus ina dtugtar an líon iomlán aonad chuig an sprioc reatha 654, go dtí mí an Mhárta 2024.

Stóráil aonad

- 5.35** Aithníodh an gá a d'fhéadfadh a bheith ann roinnt de na haonaid mhodúlacha mhonaraithe a stóráil ar feitheamh infhaighteacht/ullmhacht láithreán ag tús an chláir. Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí go raibh próisis i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeadh aon stoc-charn aonad ann gan gá leo, lenar áiríodh rianaire a úsáid leis an gcomhordú idir infhaighteacht láithreán agus táirgeadh aonad a bhainistiú.
- 5.36** Thug an fhoireann scrúdaithe dá haire, ó athbhreithniú ar mhiontuairiscí na gcruinnithe, go raibh tuairim is 100 aonad á stóráil ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2023, agus go raibh coinne leis go dtiocfadh méadú air sin go 181 faoi dheireadh 2023.¹ Tugadh faoi deara go raibh roinnt aonad á stóráil ag áitreabh an phríomhchonraitheora saor in aisce, agus go raibh cinn eile á stóráil ag clóis na monaróirí.

- 5.37** Faoi lár mhí na Nollag 2023, bhí 34 aonad curtha i stóras, a raibh 12 acu á stóráil ag an bpríomhchonraitheoir. Tháinig luach iomlán na n-éileamh ar íocaíocht don stóráil, go dtí mí an Mheithimh 2024, chuig tuairim is €620,000, ar íocadh €310,000 (50%) díobh ag an tráth sin. Beidh íoc an fhuílligh faoi réir pléití ar an gcuntas críochnaitheach. Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí gur tháinig na costais stórála a tabhaíodh de bharr imthosca gan choinne — tarraingt siar an dá láithreán agus iarsmaí fairsinge seandálaíochta ar thángthas orthu ar láithreán amháin.

Úsáid fhadtéarmach na n-aonad modúlach

- 5.38** Measadh úsáid fhadtéarmach aontaithe do na haonaid mhodúlacha a bheith ina príomhghné de luach ar airgead ag teacht ón gclár.
- 5.39** Cé gur shainithin DCEDIY roinnt úsáidí féideartha le haghaidh na n-aonad tar éis an éilimh orthu le haghaidh BOTPanna ón Úcráin, níor aontaíodh ar aon úsáid shonrach fhadtéarmach. Thug DCEDIY dá haire i gcás nach mbeadh gá leis na haonaid chun éileamh leanúnach tithíochta poiblí a shásamh, go gcoinneoidís luach margaidh a d'fhéadfaí a bhaint amach ar an margadh oscailte. Leis sin, le haon fhotha agus nasc seirbhísí a dhéanfaí ar na láithreáin mhéadófaí a luach chun tairbhe an Státchiste óir is leis an stát na láithreáin uile.
- 5.40** Luaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, ina litir chun maoiniú a cheadú do DCEDIY i mí na Samhna 2022, gurbh éigean aontú ar shocruithe ceadúnúcháin le haghaidh úsáid fhadtéarmach na láithreán idir úinéirí na láithreán agus DCEDIY mar ábhar práinne. Tháinig an ceadú faoi réir, *inter alia*, socruithe ceadúnúcháin a aontú agus a shíniú sula dtosófar ar chóimeáil na n-aonad ar na láithreáin; agus úsáid fhadtéarmach inchreidte agus chuimsitheach a shainithint do na haonaid mhodúlacha.
- 5.41** Foinsíodh trí láithreán a rabhtas á n-úsáid ó Oifig na nOibreacha Poiblí, cúig cinn ó na húdaráis áitiúla, agus ceann amháin ón nGníomhaireacht Tithíochta agus ceann amháin ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cé nár síníodh léasanna go fóill le haghaidh aon cheann de na láithreáin sin, cheadaigh na húinéirí láithreáin rochtain orthu chun críocha foirgníochta.

¹ Cruinnithe seachtainiúla arna reáchtáil idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus DCEDIY.

1 Ceadúnas ón 7 Bealtaine 2024.

2 IR 306 de 2022 lena dtugtar éifeacht do Threoir 2001/55/CE ón gComhairle, arna gníomhachtú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022.

3 Gnáthphróiseas pleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

4 Chuir DCEDIY in iúl don fhoireann scrúdaithe go raibh na haonaid chríochnaithe faoi áitiúcht.

5 Tá tuilleadh sonraí curtha san áireamh in [larscríbhinn 5B](#).

6 Dheimhnigh Oifig na nOibreacha Poiblí gurb é an dáta 'críochnaithe a bheag nó a mhór' an dáta ar a mbeidh an réadmhaoin críochnaithe a dóthain don úsáid a bhí beartaithe di, rud a cheadaíonn don úinéir seilbh a ghlacadh agus tosú ar áitiúcht an áitribh.

7 Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí gur cuireadh moill mhór ar an gconraitheoir de bharr na léirsithe agus na n-eachtraí oird phoiblí ag an láithreán, agus gur ghá tuilleadh beart slándála a dhéanamh ar an láthair.

5.42 Fuarthas láithreán amháin (ag Buailic, Cluain Meala) ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Síníodh ceadúnas trí bliana le FSS chun an láithreán a áitiú, in ionad léasa.¹ Luaigh DCEDIY gur chuir FSS ar an eolas í go dtógfadh sé 12 mhí ar a íosmhéid léas a idirbheartú, agus d'fhéadfaí ceadúnas a aontú taobh istigh d'achar ama níos giorra. Chuaigh DCEDIY faoi dhéin Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus Oifig na nOibreacha Poiblí, agus d'aontaigh gurbh é an ceadúnas an rogha ab oiriúnaí.

Díolúintí pleanála

5.43 Leis na díolúintí pleanála a chuireann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar fáil ag tús an chláir, ní chumhdaítear úsáid na láithreán thar an tréimhse a chumhdaítear le Treoir AE um Chosaint Shealadach.² Cuireadh síneadh leis an treoir go dtí mí an Mhárta 2026, a dtiocfaidh úsáid fhadtéarmach na láithreán ag an bpointe sin faoi réir gnáthcheanglais phleanála.³ Luaigh DCEDIY, a luaithe a thiocfar ar chomhaontú maidir le húsáid fhadtéarmach na láithreán le gach páirtí leasmhar, go rachaidh sí ar aghaidh freisin i dtreo tabhairt chun lánrialtachta na n-aonad ó thaobh na pleanála de.


Seachadadh

5.44 Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2024, bhí 572 (87%) den phlean leasaithe le haghaidh 654 aonad — ina gcuirtear cóiríocht ar fáil do 2,312 tairbhí — lándéanta ag deich láithreán ar fud na tíre (féach Fíor 5.3).^{4,5}

5.45 A luaithe a cuireadh tús le hobair ar gach láithreán, is ionann an tréimhse go dtí cur i gcrích, arb é an dáta críochnaithe 'a bheag nó a mhór' é, agus idir seacht agus trí mhí dhéag ar na deich láithreán atá críochnaithe go nuige seo.⁶ Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí gur tréimhse ama i bhfad níos giorra í sin ná na samhlacha seachadta tithíochta a úsáidtear in áiteanna eile.

5.46 Níl coinne leis anois go gcríochnófar an láithreán deiridh, ar cuireadh tús leis i lár mhí na Bealtaine 2024, roimh mhí Aibreáin 2025.⁷

Fíor 5.3 Suíomh agus stádas na láithreán d’aonaid mhodúlacha, amhail deireadh mhí Lúnasa 2024^{a,b}



Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí. An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Nótaí: a Tá an líon aonad seachadta/atá le seachadadh san áireamh leis na ciorcail pointí sonraí ar an léarscáil.

b Tá tuilleadh mionsonraí le fáil in [Iarscríbhinn 5B](#).

1 Ag deireadh mhí an Mheithimh 2024, bhí 64% (442) de na 694 aonad a bhí beartaithe curtha i gcrích ag ocht láithreán ar fud na tíre.

2 Chuir DCEDIY an t-iarraitas ar cheadú isteach go luath i mí Mheán Fómhair 2024.

3 Íocann an príomhchonraitheoir a shainchomhairleoirí ansin san fhoireann dearthóireachta, a fhoichonraitheoirí agus daoine eile atá gafa leis an gclár.

4 Níl CBL san áireamh leis na céatadán sin.


Costas

5.47 Bhí an méid iomlán a íocadh faoin gclár go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024 díreach os cionn €231 milliún (díreach faoi bhun 98% den bhuiséad faofa do mhí Iúil 2023).¹ Beidh faomhadh do bhreis maoinithe de dhíth leis an gclár a chur i gcrích — cé gurbh ionann an costas réamh-mheasta leasaithe i mí an Mheithimh 2024 agus €285 milliún, luaigh DCEDIY gur fhéach sí le ceadú a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí le haghaidh maoiniú breise dar luach €52.3 milliún bunaithe ar chostas iomlán don chlár dar luach €289.3 milliún.²

5.48 Chuimsigh an chuid is mó den chaiteachais íocaíochtaí leis an bpríomhchonraitheoir faoi chonradh costas inaisíoctha — baineann 46% le monarú, seachadadh agus suiteáil na n-aonad modúlacha, agus baineann 36% le hoibreacha ar an láithreán (féach Fíor 5.4).^{3,4} Áirítear leis an dara ceann ranníocaíocht le forchostais agus an táille ar bhrabús atá le híoc leis an bpríomhchonraitheoir ar an gclár.

- 5.49** Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí gur íocadh €10.6 milliún i bhforchostais agus táille ar bhrabús leis an gconraitheoir anuas go dtí mí Aibreáin 2024.¹ Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara nach raibh an táille chéatadánach, a leagtar amach sa chonradh, a ríomhtar ar scála laghdaitheach de réir mar a mhéadaíonn an costas tógála, á cur i bhfeidhm mar a bhí coinne leis ar bhonn míosúil.

Fíor 5.4 Caiteachas cláir amhail an 30 Meitheamh 2024



Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí. Tuairisc ó chuideachta sainchomhairleoireachta sa tsuirbhéireacht chainníochta amhail 27 Meitheamh 2024.

- Nótaí:
- a Tá fónais comhdhéanta de ranníocaíochtaí leictreachais agus uisce a íoctar le ESB Networks agus le hUisce Éireann faoi seach.
 - b Tá costais dhíreacha Oifig na nOibreacha Poiblí comhdhéanta d'íocaíochtaí agus táillí dlí agus seirbhísí gairmiúla eile amhail measúnuithe tionchair comhshaoil agus suirbhéanna topagrafaíochta.

- 5.50** Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí gur lánfheasach di an ceanglas chun céatadán na táille a laghdú de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh méadú ar luach na hoibre. Luaigh sí nach gcuirfear bailchríoch ar an gcéatadán táille ceart go dtí go socrófar an cuntas iomlán leis an bpríomhchonraitheoir. Luaigh sí freisin, idir an dá linn, go bhfuil an choinneáil á coimeád, agus nach bhfuil aon riosca tráchtála ann d'Oifig na nOibreacha Poiblí leis an gcéatadán táille ar scála aistritheach a chur chun feidhme sa bhealach atá glactha.

Láithreáin tarraingthe siar/ar theip ar a gcur ar aghaidh

- 5.51** Áirítear le costais oibreacha ar an láthair thart ar €153,500 a tabhaíodh go dtí Iúil 2024 a caitheadh ar imscrúdú a dhéanamh ar láithreáin nár cuireadh ar aghaidh nó a tarraingíodh siar.² Tá coinne leis go dtiocfaidh costais bhreise chun cinn maidir le láithreáin eile nach bhfuil dul chun cinn déanta orthu.
- 5.52** Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí go raibh athbhreithnithe ar láithreáin fhéideartha faoi réir staidéar deisce i dtosach agus go raibh gá measúnú fisiciúil a dhéanamh ar a inmharthanacht d'úsáid an chláir a luaithe a roghnaíodh láithreán. Luaigh sí, i gcásanna áirithe, nuair a fuarthas imscrúduithe agus suirbhéanna láithreán, nár measadh go raibh na láithreáin roghnaithe inmharthana, agus go raibh tionchar aige sin uile ar sheachadadh agus ar chostais an chláir.

¹ Luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí gur féidir gach miondealú costais a sholáthar ar thabhairt i gcrích na gcuntas deiridh.

² Féadfaidh an méid seo athrú, bunaithe ar na hidirbheartaíochtaí faoin gcuntas deiridh leis an bpríomhchonraitheoir.

Cosaint leasanna an Stáit

- 5.53** Chun luach ar airgead na dtithe mearthógála a mheas, rinne DCEDIY cleachtadh ardleibhéil ina ndearnadh comparáid idir costas ionchasach na dtithe agus costas cóiríochta óstáin — i mí na Samhna 2022 (nuair a bhí sé beartaithe 500 aonad a fhorbairt), agus arís i Lúnasa 2023 tar éis don Rialtas an clár a leathnú go 700 aonad.

- 5.54** Tugadh le fios leis an dá chleachtadh go dtógfadh sé thart ar ceithre bliana sula gcruthódh na tithe mearthógála coigilteas costais don Stát, rud a mhéadódh go suntasach ina dhiaidh sin (féach Fíor 5.5).
- 5.55** Léiríodh leis an gcleachtadh, a rinneadh arís i mí an Mheithimh 2024 agus úsáid á baint as an gcostas athbhreithnithe measta seachadta is déanaí, ag an am sin, €285 milliún (654 aonad), go dtógfadh sé thart ar cúig bliana sula ndéanfaidh na tithe mearthógála coigilteas costais a sheachadadh don Stát.

Fíor 5.5 Comparáid costais idir tithe mearthógála agus cóiríocht óstáin, Samhain 2022 agus Lúnasa 2023^a

Líon Blianta	500 aonad — Samhain 2022		700 aonad — Samhain 2023	
	Costas na dtithe mearthógála ^b	Costas cóiríochta óstáin ^c	Costas na dtithe mearthógála ^d	Costas cóiríochta óstáin ^c
	€m	€m	€m	€m
3	133.8	131.4	246.4	199.3
4	135.0	175.2	249.4	265.7
5	136.3	219.0	252.4	332.1
10	142.5	438.0	267.4	664.3

Foinse: An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Nótaí: a Níor cuireadh méaduithe ó bhoilsciú san áireamh.

b Bunaithe ar chostas seachadta measta €130 milliún le caiteachas reatha bliantúil €1.25 milliún le haghaidh bhainistiú agus chothabháil na n-aonad. Tá sé deimhnithe ag DCEDIY go ndearnadh gannmheas go hearráideach ar an gcostas seachadta measta €130 milliún a luadh; ba cheart €140 milliún a úsáid. Níl tionchar aige sin ar chonclúid fhoriomlán an chleachtaidh.

c Úsáideadh meánráta €60 in aghaidh na hoíche i mí na Samhna 2022 agus €65 in aghaidh na hoíche i mí Lúnasa 2023.

d Bunaithe ar chostas seachadta measta €237.4 milliún, le caiteachas reatha bliantúil €3 mhilliún le haghaidh bhainistiú agus chothabháil na n-aonad. Cuirtear san áireamh leis an €3 mhilliún go mbeidh ranníocaíocht á íoc ag daoine atá ina gcónaí sna tithe mearthógála.

1 Leagadh sin amach i dtuarascáil nuashonraithe ar chostais cláir.

2 Taispeántar sna méideanna a léirítear anseo na costais foirgníochta (gan CBL san áireamh) amháin agus mar sin níl siad ar bhonn costais iomlán.

3 Cuireadh roinnt tosca san áireamh san anailís, mar shampla, oibreacha príomhlíonra agus láithreáin; sceideal; cineál conraitheora, etc.

4 Rinneadh an anailís arís i mí an Mheithimh 2024 agus úsáid á baint as sonraí nuashonraithe. Ag an am sin, bhí €267,000 agus €395,000 faoi seach ar na costais foirgníochta in aghaidh an aonaid do na tionscadail tithíochta sóisialta, i gcomparáid le €325,600 don tionscadal tithíochta mearthógála.

Anailís costais is tairbhe

- 5.56** Éilítear leis an *gCód Caiteachais Phoiblí* go ndéanfaí anailís costais is tairbhe ag réamhchéim ghnó an tionscadail. I mí Eanáir 2024, leag Oifig na nOibreacha Poiblí amach i dtuarascáil don DCEDIY, i bhfianaise phráinn agus cineál neamhghnách an chláir mearthógála, go mbeadh sé dúshlánach anailís costais is tairbhe a dhéanamh tráth an cheadaithe.¹ Luaigh DCEDIY freisin go ndearna Oifig na nOibreacha Poiblí cumarsáid agus measúnú suntasach ar roghanna leis an earnáil tógála agus go ndéanann seirbhísí suirbhéireachta cainníochta a fhoinsítear go seachtrach athbhreithniú rialta ar chostais.
- 5.57** Áiríodh le tuarascáil Oifig na nOibreacha Poiblí anailís costais is tairbhe ina ndearnadh comparáid idir na costais foirgníochta buiséadaithe don chlár mearthógála agus costais dhá thionscadal tithíochta sóisialta. Léiríodh sa chomparáid go raibh €267,000 agus €383,000 faoi seach ar na costais foirgníochta in aghaidh an aonaid do na tionscadail tithíochta sóisialta, i gcomparáid le €311,000 don tionscadal tithíochta mearthógála.² Cé gur beag trácht a rinneadh ar an anailís sa tuarascáil, tugadh faoi deara inti go raibh na costais ar oibreacha láithreáin an chláir neamhghnách i gcomparáid leo siúd de na tionscadail tithíochta sóisialta.³ Mar sin féin, i dtéarmaí foriomlána, níl sé soiléir ón tuarascáil an bhfuil na tionscadail inchomparáide e.g. i dtéarmaí achair, leagan amach, áiseanna, etc.⁴

5.58 I gcomparáid a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí i mí an Mheithimh 2024, idir an meánchostas chun teach nua a thógáil in Éirinn agus meánchostas aonaid na tithíochta mearthógála, sainaitníodh go raibh an tithíocht mearthógála thart ar €8,000 níos costasaí in aghaidh an aonaid ná an costas coibhéiseach a leagadh amach i dtuarascáil ó Chumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) in 2023 (€278,000 i gcomparáid le meán €270,000).^{1,2} Ríomhadh sin tar éis coigeartú do bhoilsciú agus normalú costas a chur san áireamh chun críocha comparáideacha.³ Measadh go raibh an costas in aghaidh an mhéadair chearnaigh den tithíocht mearthógála 87% níos airde ná an costas coibhéiseach sa tuarascáil SCSI.

5.59 Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí nach bhfuil an tógáil mhodúlach mearthógála inchomparáide le scéimeanna eile agus, mar gheall ar chineál éigeandála an tionscadail, go mbeadh gá le hoibreacha chun dul chun cinn a dhéanamh ar láithreáin nach raibh chomh maith sin, rud as a n-eascródh costais bhreise, i gcomparáid leis an méid a chaithfeadh forbróir ar scéim tithíochta. Luaigh sí freisin, toisc gur scéim phíolótach í seo do thionscadal den chineál seo, go bhfuil sé deacair comparáid a dhéanamh.

1 An [Fíorchostas ar Sheachadadh Tithíochta Nua 2023](#), arna fhoilsiú i mí na Nollag 2023.

2 Bhí costas na tithíochta mearthógála thart ar €20,000 in aghaidh an aonaid níos lú ná an meánchostas tógála tithe do 'Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath'.

3 Mar sin níl na méideanna a léirítear ar bhonn costais iomlán.

4 Soláthraíonn CWMF sraith chomhtháite forálacha conarthacha, ábhar treorach agus teimpléid theicniúla agus nósanna imeachta chun cabhrú le húdaráis chonarthacha a riachtanais soláthair leanúnacha a chomhlíonadh. Cumhdaítear leis gach gné de phróiseas seachadta tionscadail oibreacha poiblí ó thús go dtí seachadadh agus athbhreithniú deiridh tionscadail.

5 Níl conradh inaisíochta costais ag réimse conarthaí CWMF agus measadh mar sin nach raibh sé oiriúnach le húsáid.

6 Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil saineolas agus taithí speisialaithe ag na Suirbhéirí Caimníochta ar chonarthaí NEC4.

7 Áirítear leis an gconradh doiciméad achomair tráchtála ina gcuirtear an bunús ar fáil chun costais an chlár a bhainistiú ó thaobh na tráchtála de.

Socruithe conraitheoireachta don chlár mearthógála tithíochta

5.60 Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí conradh *NEC4 Rogha E* (costas inaisíochta) le John Sisk and Son (Holdings) Limited (Sisk) i mí Dheireadh Fómhair 2022. Meastar go n-oireann an cineál conartha seo do thionscadail nach féidir an raon feidhme a shainiú go leordhóthanach ag an tús, amhail oibreacha práinneacha nó éigeandála, agus go bhfuil an cliant sásta glacadh leis an gcuid is mó den riosca airgeadais. Go ginearálta, chloígh an próiseas soláthair a glacadh leis na treoirlínte maidir le soláthar poiblí.

5.61 Faoi chonradh *Rogha E NEC4*, aisíoctar an conraitheoir as na costais a tabhaíodh chun na hoibreacha a dhéanamh, chomh maith le táille bhreise as forchostais agus brabús. Socraíodh na céatadáin maidir le forchostas agus brabús sa chonradh, agus áiríodh leo scála laghdaithe de réir mar a mhéadaigh luach an chonartha.

5.62 Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí gur measadh gurbh é an conradh *NEC4 Rogha E* an cineál conartha ab oiriúnaí, i bhfianaise suíomhanna éagsúla na láithreán, nach raibh a bhformhór ar eolas ag tús an chlár agus na buntáistí a thug sé nach bhfuil ar fáil faoin gCreat Bainistíochta um Oibreacha Caipitil (CWMF).^{4,5} Luaigh sí go n-éascaíonn an conradh cur chuige comhoibritheach incriminteach a bhí ag teastáil mar, mar gheall ar chineál éigeandála an tionscadail, nach raibh láithreáin, dearadh agus raon feidhme na n-oibreacha ar eolas ag tús an chonartha. Mar sin féin, bhí príomhchonraitheoir ag teastáil chun na monaróirí modúlacha agus saineolaithe tógála eile a fhostú chun an tionscadal a tabhairt i gcrích.

5.63 Faoi gconradh costais inaisíochta, is é an Stát a ghlacann le riosca an chlár ar fad. Dá bhrí sin, tá gá le faireachán agus maoirseacht dhian, agus bearta láidre rialaithe costais chun leas an Stáit a chosaint. Tá an clár á bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí trí úsáid a bhaint as foireann intí de ghairmithe foirgníochta a fhaigheann tacaíocht ó chomhlacht comhairleach suirbhéireachta cainníochta seachtrach (QS) a bhfuil an phríomhfhreagracht aige as costais a bhainistiú agus a rialú.⁶ Íocadh timpeall €3.4 milliún (CBL san áireamh) le QS suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024.

5.64 Áiríodh iad seo a leanas leis na bearta a thug QS isteach chun a chinntiú gur cloíodh leis an gcur chuige is costas-éifeachtaí agus chun an luach is fearr a fháil don Stát.⁷

- Comórtas tairisceana iomaíoch idir ochtar soláthróirí le haghaidh sholáthar na n-aonad modúlach, rud a d'fhág gur roghnaíodh cúig sholáthraí mhodúlacha ar éirigh leo chun na haonaid a sholáthar.
- Thug Sisk, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus QS, faoi chleachtadh innealtóireachta luacha sular socraíodh an costas soláthair in aghaidh an aonaid le haghaidh gach ceann de na monaróirí i bpróiseas tairisceana is fearr agus deiridh.¹ Ba é an meánchostas d'aonad aon stóir ná díreach faoi bhun €147,000.² Ba é an meánchostas do na haonaid dhá stór ná €300,000 agus costais seachadta agus suiteála san áireamh.³
- Rátaí seasta in aghaidh na huairé d'fhoireann lárnach an phríomhchonraitheora agus don fhoireann atá lonnaithe ar an láithreán chomh maith leis na céatadáin uasmharcála ar threalamh, gléasra agus ábhair.
- Lódaire acmhainne táscach chun costais an phríomhchonraitheora a phleanáil agus a thuar.
- Ceanglais maidir le bunús a thabhairt do chostais lena n-áirítear bileoga ama, orduithe, sonraisc, conarthaí, etc. D'úsáid foireann deartha an phríomhchonraitheora prótacal chun bileoga ama a chur isteach ionas go bhféadfaí measúnú agus faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar na bileoga ama.

5.65 Bearta eile maoirseachta agus rialaithe a áirítear leis, *inter alia*,

- bulc-cheannach chun leas a bhaint as rátaí lascainithe an mhargaidh
- cuairteanna ar áitreabh an mhonaróra mhodúil chun cáilíocht a chinntiú agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn — rinneadh measúnú ar chandam na n-oibreacha críochnaithe agus na n-ábhar atá á stóráil mar chuid de na measúnuithe íocaíochta míosúla chun ró-íocaíocht a sheachaint⁴
- cuairteanna seachtainiúla ar láithreáin ó QS, ina ndearnadh bileoga ama, líon na ndaoine, dul chun cinn, etc. a sheiceáil.

Barántaí comhthaobhacha

5.66 Le barántas comhthaobhach cruthaítear dliteanas conarthach idir páirtithe nach bhfuil baint dhíreach acu le príomhchonradh tionscadail tógála ar leith. Cumhdaítear leis téarmaí áirithe sa bhunchonradh amhail cáilíocht na hoibre, an beartas árachais, cóipcheart agus fad an bharántais.

5.67 Sa conradh, ceanglaítear ar gach conraitheoir agus comhairleoir arna bhfostú ag Sisk barántas comhthaobhachta i bhfabhar Oifig na nOibreacha Poiblí a dhéanamh, sula dtosaíonn an fochonraitheoir nó an sainchomhairleoir ar aon obair. Níl an conraitheoir i dteideal iarratas a dhéanamh ar aon íocaíochtaí go dtí go gcuirtear barántas comhthaobhach den sórt sin ar fáil.

5.68 Teastaíonn barántaí chomhthaobhacha freisin ó Sisk agus ó aon fochonraitheoirí nó comhairleoirí i bhfabhar tairbhíthe cláir (e.g. DCEDIY, DHLGH, úinéirí láithreán).

1 Is cur chuige córasach é innealtóireacht luacha chun costas táirgí, seirbhísí nó tionscadal a íoslaghdú agus a bhfeidhmiúlachtaí agus a gcáilíocht bheartaithe a choinneáil ar bun.

2 Ní áirítear leis an bhfigiúr sin costais seachadta agus suiteála €6,875. Ní áirítear leis ach an oiread costais bhreise a eascraíonn as athruithe dearaidh, a mheastar faoi láthair a bheith ar luach €7,845 in aghaidh an aonaid. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an gcostas sin toisc nár cuireadh bailchríoch ar na costais go léir fós.

3 Ní raibh aon athruithe dearaidh bainteach leis na haonaid dhá stór.

4 Thug Sisk, Oifig na nOibreacha Poiblí agus na Suirbhéirí Cainníochta (QS) cuairt.

- 5.69** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach nár cuireadh barántaí comhthaobhacha i bhfeidhm go fóill. Mar sin féin, íocadh os cionn €231 milliún faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2024. Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí nach raibh sé praiticiúil na forálacha um bharántas comhthaobhach a chur chun feidhme ar an tionscadal seo, toisc go gcinntear raon feidhme na n-oibreacha de réir mar a théann an clár ar aghaidh. Luaigh sé go bhfuil os cionn 100 barántas comhthaobhach i gceist agus go bhfuil socruithe i bhfeidhm leis an bpríomhchonraitheoir chun go síneoidh na páirtithe ábhartha gach barántas agus chun go mbeidh sin i bhfeidhm sula gcríochnófar an clár.

Breithnithe inbhuanaitheachta

- 5.70** Ceanglaítear ar ranna/oifigí an rialtais láir smaoineamh ar chritéir ghlasa a áireamh ina gcuid soláthairtí.¹ Cé nach bhfuair an fhoireann scrúdaithe aon tagairt shonrach do chritéir ghlasa i gcáipéisíocht na tairisceana nó sa chonradh sínithe leis an bpríomhchonraitheoir, dearadh na haonaid chun rátáil ardéifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach agus chun go mairfidís 60 bliain; agus a mhonaraítear sa mhonarcha lasmuigh den láithreán chun cur le timpeallacht níos glaise/inbhuanaithe.
- 5.71** In ainneoin pleananna chun rátáil fuinnimh foirgnimh A2 (RFF) a bhaint amach, níl ach C1 RFF bainte amach ag na haonaid mhodúlacha. Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí go mbainfidh na haonaid aon stóir an A2 RFF amach a luaithe a shuiteálfar painéil fhótavoltacha (PV), ar a dtugtar painéil ghréine de ghnáth.
- 5.72** I mí an Mheithimh 2024, thug Oifig na nOibreacha Poiblí dá haire gurbh é an costas measta chun na haonaid aon stóir a thabhairt suas go caighdeán RFF A2 ná thart ar €5,300 in aghaidh an aonaid (gan CBL agus costais bainistíochta an phríomhchonraitheora a áireamh). Cé nár cuireadh é sin san áireamh i meastachán €285 milliún an chláir i Meitheamh 2024, dúirt DCEDIY go bhfuil ceadú do mhaoiniú breise (mar chuid d'iaratas foriomlán ar mhaoiniú) iarrtha ar an Roinn Caiteachais Phoiblí chun RFF A2 a bhaint amach ar fud an chláir iomláin.

Indéantacht an chláir phíolótaigh mar shásra seachadta

- 5.73** Cuireadh tús leis an gclár mar chlár píolótach um chruthúnas ar choincheap i mí an Mheithimh 2022 lenar bhain 500 teach modúlach a chur i bhfeidhm. Bhí coinne leis go gcuirfeadh an taithí le linn an chláir phíolótaigh bonn fianaise tábhachtach ar fáil le haghaidh cinntí amach anseo maidir le húsáid fhéideartha bhreise na n-aonad modúlach.
- 5.74** Thug DCEDIY faoi deara go gcuireann na haonaid mhodúlacha an acmhainneacht ar fáil chun déileáil le raon riachtanais tithíochta poiblí eile, mar shampla, lóistín cosanta idirnáisiúnta, seirbhísí do dhaoine gan dídean, lóistín do mhic léinn, etc. Chuir DCEDIY an fhoireann scrúdaithe ar an eolas i mí Mheán Fómhair 2024 gur chuir sé tús le measúnú beartais spriocdhírthe ar an gclár um thithíocht mhodúlach agus ar an tionchar fadtéarmach a bhaineann leis.²
- 5.75** Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí nach ndearnadh measúnú go fóill ar rath nó indéantacht phróiseas an chláir phíolótaigh mar shásra seachadta lena úsáid amach anseo ós rud é go bhfuil an clár fós ar bun.

¹ [Giorclán 20/2019](#): Trí úsáid breithnithe comhshaoil agus sóisialta i soláthar poiblí a chur chun cinn, cuirtear soláthar poiblí glas chun cinn i gcomhthéacs gealltanais níos leithne faoi Phlean Gníomhaíthe ar son na hAeráide 2019 an Rialtais.

² Tá an measúnú á dhéanamh ag aonad taighde agus meastóireachta na Roinne.

Conclúidí agus moltaí

- 5.76** Forbraíodh an clár um thithíocht mearthógála mar chlár píolótach ‘cruthúnas ar choincheap’ mar chuid de fhreagairt an Rialtais chun lóistín a chur ar fáil do shlua mór tobann de thairbhíthe cosanta sealadaí (BOTPanna). D’fhaomh an Rialtas an clár píolótach i mí an Mheithimh 2022, lena raibh sé beartaithe 500 aonad modúlach a chur ar fáil, chun lóistín a thabhairt do 2,000 BOTP, faoi mhí Feabhra 2023 ar chostas measta €100 milliún.
- 5.77** Leis an togra píolótach um chruthúnas ar choincheap a d’ullmhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí i mí na Bealtaine 2022, tugadh foláireamh nár cheart dul ar aghaidh leis an gclár um thithe modúlacha ach amháin dá mbeadh láithreáin oiriúnacha leordhóthanacha ar fáil láithreach bonn agus tugadh le fios nach mbeadh an clár inmharthana in éagmais láithreáin oiriúnacha. Bhí dúshlán le sárú maidir le láithreáin oiriúnacha a shainaithint le haghaidh na n-aonad modúlach, agus chuir sé sin moill ar sholáthar an lóistín.
- 5.78** Faoi mhí Eanáir 2023, bhí breithniú déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar os cionn 70 láithreán, agus fuarthas amach go raibh thart ar thrí cheathrú díobh mí-oiriúnach ar chúiseanna éagsúla. Níor deimhníodh an láithreán deiridh a bhí ag teastáil don chlár go dtí mí an Mhárta 2024. Is amhlaidh is fearr a d’oirfeadh sé don chlár dá sainaitheofaí láithreáin ar chaighdeán ní b’airde agus dá gcuirfí ar fáil d’Oifig na nOibreacha Poiblí iad ní ba luaithe sa phróiseas.
- 5.79** Ceann de na coinníollacha a bhain le ceadú maoinithe na Roinne Caiteachais Phoiblí i mí na Samhna 2022, ba ea gur cheart do DCEDIY comhaontuithe ceadúnaithe a aontú agus a shíniú sula gcuirfí tús leis na haonaid a thógáil ar láithreáin. Cé gur cuireadh ceadúnas i bhfeidhm maidir le láithreán amháin i mí na Bealtaine 2024, i gcás léasanna le haghaidh na ndeich suíomh atá fágtha ar le cúig údarás áitiúla, Oifig na nOibreacha Poiblí, an Ghníomhaireacht Tithíochta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iad, is amhlaidh atá siad fós le síniú.

Moladh 5.1

Ba cheart léasanna le haghaidh na láithreán ar forbraíodh na haonaid mhodúlacha orthu, a aontú agus a shíniú a luaithe is féidir.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta DCEDIY

Aontaíonn

Níor síníodh comhaontuithe léasa ar láithreáin sular cuireadh tús leis an tógáil. Is gnáthchleachtas é sin san earnáil réadmhaoine. Príomhthearmaí comhaontaithe agus léasanna ar feadh suas le cúig bliana, agus rogha ann síneadh a chur leo, comhaontaíodh ar dheich gcinn de na láithreáin iad. Síneofar tromlach na léasanna go foirmiúil sna míonna amach romhainn. Tá ceadúnas i bhfeidhm ar feadh trí bliana le haghaidh an láithreáin deiridh i mBuailic, Cluain Meala. Tá DCEDIY i mbun plé le FSS maidir le roghanna chun an láithreán a cheannach nó a léasú i ndiaidh an trátha sin.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Deireadh R4 2024 i gcás gach láithreáin seachas Buailic, Cluain Meala. Tabharfar láithreán Chluain Meala chun rialtachta in R1 2025.

- 5.80** Bhíothas den tuairim go raibh úsáid inchreidte fhadtéarmach as na haonaid mhodúlacha ríthábhachtach don chlár ar mhaithe le luach ar airgead a léiriú. Cé gur shainaithin DCEDIY roinnt úsáidí féideartha le haghaidh na n-aonad tráth nach mbeidh gá leo a thuilleadh le haghaidh BOTPanna ón Úcráin, níor socraíodh aon úsáid shonrach fhadtéarmach go fóill.
- 5.81** Chuir an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a díolúintí pleanála ar fáil le go mbeifí in ann an clár a sheachadadh go gasta. An úsáid níos fadtéarmaí a bhainfear as na láithreáin i ndiaidh na tréimhse a chumhdaítear leis an Treoir AE um Chosaint Shealadach, tá sí faoi réir na ngnáthcheanglas pleanála. Leathnaíodh an treoir le gairid go dtí mí an Mhárta 2026. Baineann riosca don infheistíocht shuntasach chaipitil faoin gclár mura gceadaítear an phleanáil, nó mura ndéantar í a dhíolmhú nó a thabhairt chun rialtachta ar shlí eile faoin dáta éaga.

Moladh 5.2

Ba cheart plean maidir le húsáid fhadtéarmach na n-aonad a fhorbairt agus a aontú. Ba cheart bearta a dhéanamh go tráthúil lena chinntiú go bhfaighfear cead pleanála le haghaidh na láithreán sula rachaidh an Treoir AE um Chosaint Shealadach in éag.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta DCEDIY

Aontaíonn

Chuir DCEDIY tús le próiseas ilpháirtithe leasmhara chun an straitéis fhadtéarmach le haghaidh na láithreán a chinneadh, tráth a bheidh an Treoir um Chosaint Shealadach imithe in éag. A luaithe a bheidh úsáid fhadtéarmach na láithreán aontaithe ag na páirtithe leasmhara uile, rachaidh DCEDIY ar aghaidh chun na haonaid a thabhairt chun rialtachta ina n-iomláine ó thaobh pleanála de.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Cuirfear an próiseas sin i gcrích i gcás na láithreáin uile in R2 2025 agus leanfar den phleanáil a thabhairt chun rialtachta an tráth céanna, rud a thabharfar chun críche faoi dheireadh 2025.

- 5.82** Leis an *gCód Caiteachais Phoiblí* a bhí i bhfeidhm tráth ar fhaomh an Rialtas an clár, i gcás gach mórthionscadail lenar bhain costas is mó ná €100 milliún, éilíodh go n-ullmhófaí tuarascáil measúnaithe straitéisigh; agus réamhthuarascálacha agus tuarascálacha deiridh ar chás gnó. Éilíodh measúnuithe seachtracha neamhspleácha ag na príomhphointí cinnteoireachta freisin. Ní dhearnadh aon cheann de na nithe thuasluaite, in ainneoin go raibh comhlíonadh an *Chóid Caiteachais Phoiblí* ina choinníoll le haghaidh cheadú maoinithe na Roinne Caiteachais Phoiblí.
- 5.83** Ar an mbealach céanna, cé go ndearnadh comparáidí idir costais i rith an chlár, is amhlaidh nach ndearnadh anailís costais is tairbhe i gcomhlíonadh an *Chóid Caiteachais Phoiblí*. Níor tugadh faoi chomparáid idir costais tógála le dhá thionscadal tithíochta sóisialta go dtí mí Eanáir 2024, agus an tráth sin bhíothas tar éis seacht láithreán (310 aonad) a sholáthar cheana féin.
- 5.84** Bhí an méid iomlán a íocadh faoin gclár suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024 cothrom le suim díreach os cionn €231 milliún (beagán faoi bhun 98% de bhuiséad faofa mhí Iúil 2023). Bhí an costas réamh-mheasta athbhreithnithe chun an clár a chur i gcrích amhail mí an Mheithimh 2024 cothrom le €285 milliún. D'iarr DCEDIY cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí le haghaidh maoiniú breise chun an clár a chur i gcrích, agus meastar anois go mbeidh costas €289.3 milliún i gceist leis.

An Clár a chur ar fáil

- 5.85** Measadh go raibh seachadadh an chéad 500 aonad faoi dheireadh mhí Feabhra 2023 ina thréimhse ama uailmhianach, ach indéanta tráth thús an chláir. Mar sin féin, níor baineadh amach seachadadh 500 aonad ach amháin ag tús mhí Lúnasa 2024 — is é sin 17 mí ní ba dhéanaí ná mar a bhí beartaithe.
- 5.86** Anuas ar na moilleanna ar sheachadadh, ba ann do róchaiteachas nach beag ar chostais tionscadail. Bhí an costas réamh-mheasta tosaigh cothrom le €200,000 in aghaidh an aonaid cónaithe, ach tháinig méadú air sin go meánchostas réamh-mheasta thart ar €436,000 in aghaidh an aonaid faoi mhí an Mheithimh 2024 — méadú nach mór 120%. Leis na réamh-mheastacháin is déanaí ó DCEDIY maidir le costais iomlán chláir ar luach €289.3 milliún, léirítear meánchostas réamh-mheasta deiridh thart ar €442,000 in aghaidh an aonaid.
- 5.87** Toisc nach beag a raibh tionchar aige ar an toradh ar chostas agus na hamlínthe ba ea an easpa infhaighteachta ar láithreáin oiriúnacha agus soláthar neamhleor do chostas na n-oibreacha ullmhúcháin ar láithreáin. Ó tharla nach raibh sceideal cinntitheach de láithreáin ann ag an tús, cuireadh go mór le costas agus achar ama an chláir, lena n-áirítear an gá atá le roinnt aonad a choinneáil i stóráil. Ós rud é gur cuireadh síneadh leis an obair, bhain boilsciú ard ar chostais tógála don chlár freisin i gcaitheamh tréimhse ama níos faide ná mar a bhí i gceist ar dtús.
- 5.88** Suas go dtí mí an Mheithimh 2024, íocadh costais stórála thart ar €310,000. Mar sin féin, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an gcostas sin toisc go bhfuil roinnt costais stórála fós le haontú.

Socruithe conraitheoireachta

- 5.89** Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí conradh leis an bpríomhchonraitheoir chun an clár a sheachadadh ach úsáid a bhaint as conradh *Rogha E NEC4* (costas inaisíoctha), inarb é an Stát a iompraíonn an chuid is mó den riosca tionscadail.
- 5.90** Níor cuireadh cosaintí teoranta áirithe chun leas an Stáit a áiríodh sa chonradh — go háirithe comhaontú ar bharántaí comhthaobhachta — i bhfeidhm mar a bhí beartaithe.

Measúnú ar an tsamhail seachadta

- 5.91** Sa doiciméad maidir leis an togra píolótach um chruthúnas ar choincheap samhláidh go ndéanfaí measúnú ar an gclár tar éis an chéad 500 aonad a shuiteáil ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar indéantacht. Ní dhearnadh amhlaidh go dtí seo.
- 5.92** Ceanglaítear ar ranna agus oifigí rialtais breithniú a dhéanamh ar chritéir ghlasa a chuimsiú ina gcuid soláthairtí. Ní dhearnadh aon tagairt shonrach do chritéir ghlasa/ceanglais inbhuanaitheachta i ndoiciméadacht na tairisceana ná sa chonradh a síníodh leis an bpríomhchonraitheoir.

Moladh 5.3

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar indéantacht an phróisis mearthógála mar shásra seachadta lena úsáid amach anseo go tráthúil ar chríochnú an chláir. Na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ón bpróiseas, lena n-áirítear aon mholtaí i ndáil le cathain is ceart conradh *Rogha E NEC4* (costas inaisíoctha) a úsáid/gan é a úsáid, ba cheart iad a fhorbairt agus a scaipeadh laistigh den earnáil poiblí.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta Oifig na nOibreacha Poiblí


Déanfar measúnú ar an sásra seachadta go tráthúil ar chríochnú an chláir agus áireofar ann breithniú ar na tosca éagsúla uile a bhaineann leis an gclár a sheachadadh. Déanfar measúnú ar úsáid chonradh *Rogha E NEC4* (costas inaisíoctha) sa chás seo i gcomhthéacs an bhirt seo. Roinnfear aon cheachtanna a fhoghlaimítear leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Ar chríochnú an chláir.

- 5.93** In ainneoin pleananna chun RFF A2 a bhaint amach, is rátáil atá tíosach ar fhuinneamh, níor baineadh amach ach rátáil C1 sna haonaid mhodúlacha. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar aon chomparáidí idir costais a dhéantar le cineálacha eile soláthair tithíochta.
- 5.94** I mí an Mheithimh 2024, thug Oifig na nOibreacha Poiblí dá haire gurbh é an costas measta chun na haonaid aon stóir a thabhairt suas go caighdeán RFF A2 ná thart ar €5,300 in aghaidh an aonaid (gan CBL agus costais bhainistíochta an phríomhchonraitheora a áireamh), ar méid é sin nár áiríodh sa mheastachán cláir €285 milliún i mí an Mheithimh 2024. Ó shin i leith, lorg DCEDIY maoiniú breise ón Roinn Caiteachais Phoiblí chun RFF A2 a bhaint amach ar fud an chláir iomláin.

Iarscríbhinn 5A Príomhdhátáí agus imeachtaí cinnteoireachta, Aibreán 2022 go Lúnasa 2024



Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Cinneadh an Rialtais S180/20/10/2271A. Faomhadh neamhshonrach a bhí i gceist.
 - b Ba é Sisk i gcomhar le gnólacht gairmiúil suirbhéirí cainníochta a thug faoin soláthar, ar conradh ó Oifig na nOibreacha Poiblí i mí Iúil 2022, chun suirbhéireacht chainníochta agus seirbhísí bainistithe costais a chur ar fáil don chlár.
 - c Cinneadh an Rialtais S180/20/10/2533C. Tráth a thug an Rialtas faomhadh le haghaidh €237 milliún i mí Iúil 2023, bhí méadú tagtha ar an gcostas seachadta measta go €262 milliún.

Iarscríbhinn 5B Faisnéis achomair, lena n-áirítear stádas na lá aonad modúlach, amhail deireadh mhí Lúnasa 2024

Tag	Suíomh an láithreáin	Dáta Tosaithe ^a	Úinéir an láithreáin ^b	Aonaid	Daoine	Stádas	Dáta críochnaithe/spríodhdhata ^c	Míonna go críochnú ^d
1	Machain, Cathair Chorcaí	25 Deireadh Fómhair 22	Comhairle Cathrach Chorcaí	64	256		31 Bealtaine 23	7
2	Bóthar Fhearnáin, An Cabhán	24 Samhain 22	Oifig na nOibreacha Poiblí	28	112		25 Lúnasa 23	9
3	Durlas, Tiobraid Árann	14 Nollaig 22	Oifig na nOibreacha Poiblí	62	248		16 Lúnasa 23	8
4	Páirc Uí Dhúrthuile, Sligeach	16 Nollaig 22	Comhairle Chontae Shligigh	22	88		7 Iúil 23	7
5	Clár Chlainne Mhuiris, Maigh Eo	16 Nollaig 22	Oifig na nOibreacha Poiblí	28	112		26 Iúil 23	7
6	Cluain Minse, Tulach Mhór, Uíbh Fhailí	11 Eanáir 23	Comhairle Chontae Uíbh Fhailí	64	256		21 Samhain 23	10
7	Ráth Domhnaigh, Laois	12 Aibreán 23	Gníomhaireacht Tithíochta	42	168		21 Samhain 23	7
8	Bacastún, Co. Bhaile Átha Cliath	10 Iúil 23	An Roinn Talmhaíochta	132	552		28 Meitheamh 24	11
9	An Ráth, Co. Chorcaí	17 Iúil 23	Comhairle Contae Chorcaí	66	264		21 Lúnasa 24	13
10	An Poll Buí, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe	13 Samhain 23	Comhairle Chontae na Gaillimhe	64	256		9 Lúnasa 24	9
11	Buailic, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann	15 Bealtaine 24	FSS	82	328		Aibreán 25	
Iomlán				654	2,640			



Curtha i gcrích



Idir lámha

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí. An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Nótaí:

- a Seo an dáta ar cuireadh tús le hoibreacha láithreáin. Liostaítear na láithreáin in ord dáta tosaithe.
- b Co. Tagraíonn Co. do Chomhairle Contae.
- c Léiríonn an dáta críochnaithe an dáta ‘críochnaithe shubstaintiúil’.
- d Is ionann é sin agus an difríocht idir ‘dáta tosaithe’ agus ‘dáta críochnaithe’.